


An beartas i leith na Gaeilge sa chóras oideachais ó 1965-1975: tionchar fadtéarmach Chomhairle na Gaeilge

John Walsh
Ollscoil na Gaillimhe
John.Walsh@universityofgalway.ie



<https://www.peterlang.com/document/1248601>

An beartas teanga mar theoiric


- Tháinig chun cinn sa dara leath den 20ú Aois.
- Nasc le sochtheangeolaíocht, eolaíochtaí sóisialta eile.
- *Beartas teanga* – scáth-théarma.
- *Pleanáil teanga* – barr anuas, idirghabháil.
- *Beartas/bainistíocht teanga* níos criticiúla, fócas ar chumhacht/idé-eolaíocht.
- Idirghabháil (údarás polaitiúil) i suíomh teanga, dul i bhfeidhm ar úsáid teangacha, meon ina leith.

Tuiscintí den bheartas teanga


- Múnla Shohamy:
 - beartas follasach (de jure)
 - beartas folaithe (de facto)
- Tábhacht an chomhthéacs neamhtheangeolaíoch (Spolsky, 2021)
- Cur chuige athneartaithe teanga: taighde (gafa) faoi theangacha mionlaithe, cúrsaí oideachais san áireamh

Beartas teanga agus oideachas

- Dlúthchuid den BP i gcomhthéacsanna athneartaithe ar fud an domhain
- ‘Pleanáil sealbhaithe’ – sealbhú an dara teanga
- ‘Pleanáil stádais’ – faoi ghradam go polaitiúil
- Ábhar aonair in oideachas mórtheanga > leibhéil éagsúla tumoideachais



THE NEW SPEAKERS NETWORK



Nuachainteoirí san Eoraip Iteangach

New Speakers in a multilingual Europe

"Is spéis le baill ár ngréasáin cainteoirí dátheangacha agus iteangacha a thrasnaíonn teorainneacha sóisialta agus teangeolaíocha, a shealbhaíonn spásanna teangeolaíocha nua nó a chuireann iad féin in oiriúint dóibh"


Tá an gréasán seo, atá maoinithe ag COST, ina chuid de chreatlach idir-rialtasach um Chomhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (COST).

"Our network members are interested in bilingual and multilingual speakers who cross social and linguistic boundaries, adopt or adapt themselves to new linguistic spaces"


Our COST funded network is part of an intergovernmental framework for European Cooperation in Science and Technology (COST).

Grúpaí COST IST 306 ar Nuachainteoirí / COST Action IS1306 on New Speakers

1922: Athbheochan/Institiúidiú




1965: Dátheangú/Mionlú



Rialachas nua le blianta beaga anuas

- Gné thras-teorann ó 1999 (Foras na Gaeilge)
- Teanga oifigiúil oibre de chuid an AE ó 2007 (deireadh le maolú 2022)
- Beartas teanga agus claochlú sóisialta, polaitiúil agus eacnamaíoch



An Ghaeilge sa chóras oideachais

Mar ábhar
aonair

Oideachas
lán-Ghaeilge

Scoileanna
Gaeltachta

Ardoideachas



Córas
oideachais
TÉ

Caighdeánú
agus
acmhainní

Comhairle na Gaeilge: cúlra

- 1960í-1970í: tréimhse ríthábhachtach don bheartas teanga, oideachas san áireamh.
- Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge – gníomh deireanach de Valera mar Thaoiseach.
- Athrú bunúsach i mbeartas eacnamaíoch (Lemass/Whitaker) agus i mbeartas teanga.
- Liobrálú – fás na hearnála príobháidí áit nár ghá an Ghaeilge chun dul chun cinn.
- Whitaker patuar faoi thuarascáil an Choimisiúin - freagracht air Páipéar Bán a ullmhú.
- Roinn Airgeadais ní Roinn na Gaeltacha ag glacadh ceannais i mbeartas teanga.

Ó Choimisiún go Páipéar Bán



Páipéar Bán 1965

- Cúlú ón ‘athghaelú’ go dtí an dáttheangachas
- Níor úsáideadh ‘dáttheangachas’ ach le tuiscint ón gcáipéis go léir.
- ‘Is í an aidhm náisiúnta an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar ghnáthmheán cumarsáide. Is aidhm í sin a dtógfaidh sé achar fada aimsire, agus a gcaithfear tréaniarracht a dhéanamh, lena tabhairt i gcrích, d’ainneoin an chothrom eolais ar an nGaeilge agus na dea-mhéine di atá ag an bpobal i gcoitinne faoi láthair’ (lch. 5).

- ‘Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta dlitear tús áite a thabhairt di, agus déanfar gach dícheall chun a húsáid a leathnú agus a mhéadú. Mar sin féin, go ceann tamaill mhaith fós, is é an Béarla an teanga is mó a bheidh á húsáid taobh amuigh den Ghaeltacht i ngnóthaí éagsúla. Ní bheadh sé ag teacht le fírinne an scéil a mhalairt a ghlacadh ina áirithe, agus laghdódh sé ár léirthuiscint ar mhéad na hiarrachta is gá chun an aidhm náisiúnta i leith na Gaeilge a thabhairt i gcrích’ (lch. 11).


Bearta oideachais sa Pháipéar Bán

- Níor glacadh le forbairt tumoideachais sa bhunscoil gan tuilleadh fiosruithe.
- An tAth. Colmán Ó Huallacháin, teangeolaí, chun clár nua Gaeilge bunscoile a réiteach.
- Feasacht faoi mhodhanna nua oideolaíocha maidir le múineadh teangacha.
- Sheas le riachtanas Gaeilge na hArdteistiméireachta.
- Níor glacadh le moltaí faoin ardoideachas – Coimisiúm um Ardoideachas le bunú.

Tionchar na teangeolaíochta


- Tuilleadh gairmiúlachta faoin mbeartas teanga.
- Plé le saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Ach coistí comhairleacha seachas forais reachtúla.
- Ó Huallacháin ina chomhairleoir teangeolaíochta don Aire Airgeadais in 1963.
- Mhol plean uileghabhálach 15 bliana don Ghaeilge, béim ar oideachas.
- Tús thubaisteach Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- D'éirigh Ó Huallacháin as mar agóid.

Language Freedom Movement



- Language Freedom Movement (1966).
- Ar son mórathrú beartais: deireadh leis an nGaeilge ‘éigeantach’ (Ardteist/státseirbhís).
- Comhthéacs polaitiúil: Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre.
- Cogaí idé-eolaíochta idir CnaG / Misneach / grúpaí eile agus LFM.


Comhairle na Gaeilge



- Bunaithe 1969.
- Athbhreithniú ar bheartas teanga, taighde faoi mhodhanna chun an Ghaeilge a leathnú.
- 37 ball ó chúlraí éagsúla – eagraíochtaí Gaeilge, oideachais, earnálacha poiblí, príobháideacha.
- Páipéir faoi ghnéithe éagsúla, oideachas san áireamh.

Bunús teoiriciúil



- *Urlabhra agus Pobal*, Máirtín Ó Murchú, 1970.
- Débhéascna mar bhonn teoiriciúil – an Ghaeilge a fhorbairt i réimsí áirithe úsáide teanga seachas tríd an tsochaí ar fad.
- Forbairt thábhachtach ar shochtheangeolaíocht na Gaeilge.



Foilseacháin eile na Comhairle

- *I dTreo Polasaí Teanga* (1971) – débhéascna.
- Béim ar thábhacht an chórais oideachais chun dóthain cumais a chothú sna daltaí.
- Gá le foras láidir comhordaithe.
- *Feidhmiú Polasaí Teanga* (1972) – mhol bunú Bord na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeilge.
- Coimisiún um Ardoideachas (1960-1967) – díospóireacht faoi ról na Gaeilge sna hollscoileanna.


Foilseacháin faoi chúrsaí oideachais



Meabhráin don Údarás um Ardoideachas (1971)

- Bonn eolaíoch – tábhacht an inspreagtha.
- Úsáid sprioctheanga i ngníomhaíochtaí seachranga.
- Teangeolaíocht agus oideolaíocht sna coláistí oiliúna do mhúinteoirí.
- Coláistí oiliúna mar institiúidí lán-Ghaeilge.
- Céim sa Ghaeilge ag múinteoirí iarbhunscoile.
- Cur le teagasc trí Ghaeilge ag an 3ú leibhéal go háirithe lasmuigh de Ghailimh.
- Forbairt radacach ar ranna acadúla Gaeilge.
- Dualgas ar Údarás agus ar ollscoileanna i leith na Gaeilge.

Coláiste na hOllscoile, Gaillimh c. 1930



OLLSCOIL AN IARÉAN-AMARC AN ÉIN.

[S. Ó Connors, C.E.]

Moltaí do Choláiste na hOllscoile, Gaillimh



- Cáineadh géar ar Ollscoil na Gaillimhe faoi gan straitéis do mhúineadh trí Ghaeilge a fhorbairt.
- Bunú cláracha léinn a mbeadh ardéileamh orthu.
- Campas dátheangach a chruthú.
- Ceangal níos láidre leis an nGaeltacht.
- Fondúireacht chónaitheach do chéimithe agus do scoláirí Gaeilge – tuilleadh stádais don teanga.


An Ghaeilge sa Chóras Oideachais (1974)

- Foilsithe 1973, leasaithe 1974.
- Chosain an beartas stairiúil ach ba ghá beartas nua a bhunú ar (a) córas oideachais agus (b) clár pobail.
- Débhéascna mar bhunús – níorbh fhiú an beartas mura bhféadfadh daltaí páirt a ghlacadh i gcultúr agus pobal na Gaeilge.
- Clár oideachais Gaeltachta ag freagairt do riachtanais eacnamaíocha.
- Dhiúltaigh go tréan don athrú beartais faoin nGaeilge san oideachas/státseirbhís.
- Ba ghá forbairt mhór a dhéanamh ar an nGaelscolaíocht – eagraíocht ar leith.

- Páirt-tumadh riachtanach chun débhéascna a chruthú – léann comhshaoil, ceol, ealaíona, corpoideachas.
- Fiosrú faoi thitim i gcumas labhartha daltaí.
- Moltaí maidir le forbairt cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh.
- Forbairt na réamhscolaíochta – dea-chleachtas ó Cheanada/an Bhreatain Bheag.
- Moltaí maidir le hinstitiúidí nua ardoideachais i Luimneach/Baile Átha Cliath agus coláistí réigiúnacha.
- Béim mhór ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge.

CILAR - An Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dTaobh na Gaeilge

- Bunaithe 1970: an obair ba mhó de chuid Chomhairle na Gaeilge.
- An chéad taighde cuimsitheach sochtheangeolaíoch faoi úsáid na Gaeilge/dearcadh ina leith.
- Saineolaithe sa teangeolaíocht, sochtheangeolaíocht, socheolaíocht, pleanáil, antraipeolaíocht agus siceolaíocht.



Aidhmeanna CILAR

- Cad iad dearcthaí mhuintir na hÉireann i leith na Gaeilge agus cén ceangal atá eatarthu?
- Conas a scaiptear na tuairimí sin i measc an phobail agus cad is cúis leis sin?
- Cén ceangal atá idir dearcadh agus cumas cumarsáideach sa Ghaeilge?
- Ar éirigh le stádas na Gaeilge san oideachas cumas cumarsáideach a thabhairt do dhaoine?
- Cad iad na bacanna ar dhaoine a gcumas a chur chun úsáide, go háirithe nuair a bhíonn an Béarla sa treis?
- Cad iad na beartais is mó a dtacódh an pobal leo?

CILAR agus an t-oideachas

- Móramh mór ar son:
 - croístádas na Gaeilge a choimeád.
 - feabhas a chur ar mhúineadh na Gaeilge.
- Dearcadh an-diúltach faoin mhúineadh na Gaeilge.
- Móramh:
 - amhrasach faoin tumoideachas.
 - a chreid nár theastaigh ó pháistí Gaeilge a fhoghlaim.
 - gur theip ar dhaltaí de bharr na Gaeilge.
 - nár fhoghlaim daltaí dóthain Gaeilge le húsáid tar éis na scoile.
- Móramh mór i gcoinne éigeantas na hArdteistiméireachta.

An Ghaeilge agus an t-aicmeachas

‘...it [an Ghaeilge] appears to have become the object of attitudes which are as much concerned with children’s educational progress generally as with the language itself. It is in this sense that most of working class resentment against the language – especially its perceived use as a block to examination success and entry into certain occupations – must be understood. An educational system which appears loaded against the educational progress of urban working-class children can easily generate attitudes which can settle on such a visible symbol. Seen in this light, it appears as a convenient if sometimes an unjustifiable focus of antipathy’ (lch. 295).

Plé ar Chomhairle na Gaeilge

- Clochmhíle sa bheartas teanga.
- Cur chuige struchtúrtha sochtheangeolaíoch.
- Bonn láidir teangeolaíoch molta.
- Ach an rialtas taobh le coistí comhairleacha vs. foras reachtúil taighde.
- Difríochtaí polaitiúla idir FF agus FG.
- CILAR ríthábhachtach – léargas míchompordach ar aicmeachas an bheartais teanga.
- Teip an stáit clár athneartaithe Gaeilge a fhorbairt sa phobal.

Oidhreacht Chomhairle na Gaeilge

- Bunú Gaelscoileanna (1973).
- Bord na Gaeilge, 1975 (bonn reachtúil 1978) – ach le níos lú feidhmeanna oideachasúla > Foras na Gaeilge ó 1999 (bonn uile-Éireann).
- Na Naíonraí Gaelacha/An Comhchoiste Réamhscolaíochta (1978-9).
- Údarás na Gaeltachta (1979).
- COGG (2002).
- *Polasaí Oideachais Gaeltachta* (2017).
- Clár léinn sa Ghaeloideachas agus Acadamh (Ollscoil na Gaillimhe).
- Dul chun cinn áirithe in ollscoileanna eile.

Conclúidí

- Ní raibh rath ar mholtaí na Comhairle faoi fhorbairt beartais náisiúnta teanga.
- Pleananna náisiúnta Bhord na Gaeilge sna 1980í – gan bhunús reachtúil.
- Gá le gairmiúlacht sa bheartas teanga – tionchar na heolaíochta, ó thíortha eile.
- Obair luachmhar ITÉ níos déanaí ach scortha 2003.
- Maireann croistádas na Gaeilge ach faoi bhrú leanúnach.
- Imní mhór faoi chumas múinteoirí agus daltaí i gcóras an mhóraithe.
- Dúshlán mór roimh fhorbairt na Gaelscolaíochta/scoileanna Gaeltachta.

Go raibh maith agaibh!

Is féidir an leabhar a cheannach ag:

<https://www.peterlang.com/document/1248601>